StudentBounty.com

Centre Number

| | |
|---|---|
| 71 | |

Candidate Number

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

2010

# Irish

## Short Course

## Paper 3
## Reading
## Higher Tier

**[G2807]**

**TUESDAY 25 MAY, AFTERNOON**

G2807

**TIME**

30 minutes.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Answer **all five** questions.
Read and follow the instruction for each question carefully.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
The use of a dictionary is **not** permitted.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| **Question Number** | **Marks** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| **Total Marks** | |



www.StudentBounty.com

**1** Léigh an ríomhphost thíos agus freagair na ceisteanna.

Tá sampla déanta duit.

| | |
|---|---|
| **CHUIG:** | josuilleabhain@dingo.com |
| **Ó**: | pmacdon@dingo.com |
| **DÁTA:** | **05:Aibreán:2010** |
| **AM:** | **09:37** |

A Sheáin,

Maidin mhaith. Bhí mé ag caint le Rónán maidin Dé Máirt. Beidh sé ag teacht Dé hAoine leis an traein. Feicfidh mé thú ag an óstán. Rachaimid chuig an bhialann ansin. Beimid ag dul go teach Rónáin ina dhiaidh sin. Tig linn amharc ar scannán ar fhístéip. Ba mhaith liom dul ar turas báid thart faoin loch Dé Sathairn. Ní raibh mé ag iascaireacht le dhá bhliain anuas. Tá sé galánta amuigh ansin. Tá bád ag athair Rónáin. Mar sin de tabhair leat do shlat iascaigh.

Slán agus beannacht.

Peadar

**Sampla:**

Cén lá a bhí Peadar ag caint le Rónán? Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** An Luan ☐

**(ii)** An Mháirt ✓

**(iii)** An Chéadaoin ☐

**(a)** Cén uair a chuir Peadar an ríomhphost? Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Ar maidin ☐

**(ii)** Sa tráthnóna ☐

**(iii)** San oíche ☐

[1]



| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(b)** Cad é mar atá Seán ag taisteal? Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)**  ☐  **(ii)**  ☐  **(iii)**  ☐

[1]

**(c)** Líon isteach na bearnaí ón bhosca thíos.
Tá sampla déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Nollaig | bia | deas | ~~deireadh seachtaine~~ |
| scannán | raidió | in aice leis an | gaofar |

**Sampla:**
Beidh Seán ag teacht ar cuairt ag an deireadh seachtaine.

**(i)** Rachaidh siad amach oíche Dé hAoine faoi choinne

________________ .

[1]

**(ii)** Amharcfaidh siad ar ________________ i dteach Rónáin. [1]

**(iii)** Buailfidh Peadar le Seán ________________ óstán. [1]

**(iv)** Síleann Peadar go bhfuil sé iontach ________________ ar an loch.
[1]



www.StudentBounty.com

**(d)** Léigh na habairtí thíos. Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(i)**

Ní raibh Peadar ag iascaireacht riamh ☐

Bhí Peadar ag iascaireacht cúpla bliain ó shin ☐

Bhí Peadar ag iascaireacht anuraidh ☐

[1]

**(ii)**

Beidh slat iascaigh de dhíth ar Pheadar ☐

Ní bheidh slat iascaigh de dhíth ar Pheadar ☐

Beidh liathróid de dhíth ar Pheadar ☐

[1]



www.StudentBounty.com

**2** Faigheann tú an cárta poist seo ó chara atá sa Ghaeltacht.

Examiner Only
Marks | Remark

| | |
|---|---|
| A Liam, a chara,<br>Cad é mar a bhí na laethanta saoire sa Ghearmáin? Thosaigh an cúrsa seachtain ó shin. Ag stopadh i dTeach Eoin Rua arís. Tá sé go hiontach. Tá na cailíní ó Ard Mhacha anseo arís. Chuaigh muid ar turas bus go dtí an Clochán Liath agus cheannaigh mé cúpla rud ann. Tá gach duine sa rang cairdiúil ach ní maith liom an múinteoir, tá sé leadránach! Beimid ag dul ar ceolchoirm anocht, beidh mise ag seinm. Tá an aimsir go measartha – bhí sé te grianmhar Dé Luain, ach tá sé fliuch arís inniu. Caithfidh mé imeacht anois – tá tae réidh.<br><br>Nicola. | Liam Mac Lochlainn<br>35 Bóthar na Páirce<br>Doire |

Cuir tic (✓) sna boscaí cearta.
Tá sampla déanta duit.

**Sampla:**
Cárbh as do na cailíní eile sa teach?

**(i)** Doire ☐

**(ii)** An Ghearmáin ☐

**(iii)** Ard Mhacha ☑

**(a)** Cá raibh Liam ar a laethanta saoire?

**(i)** Bhí Liam i mBaile Átha Cliath ☐

**(ii)** Bhí Liam thar lear ☐

**(iii)** Ní dheachaigh Liam ar laethanta saoire ☐

[1]



www.StudentBounty.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(b)** Cén uair a thosaigh an cúrsa?

**(i)** Seacht lá ó shin ☐

**(ii)** Deich lá ó shin ☐

**(iii)** Coicís ó shin ☐

[1]

**(c)** Cad é a rinne Nicola ar an Chlochán Liath?

**(i)** Bhí sí ag imirt peile ☐

**(ii)** Chuaigh sí go dtí an trá ☐

**(iii)** Bhí sí ag siopadóireacht ☐

[1]

**(d)** Cad é a shíleann Nicola de na daoine eile sa rang?

**(i)** Ní maith le Nicola na daoine eile sa rang ☐

**(ii)** Is maith le Nicola na daoine eile sa rang ☐

**(iii)** Is maith le Nicola an múinteoir ☐

[1]

**(e)** Cá bhfuil Liam ina chónaí?

**(i)** Tá Liam ina chónaí ar an Chlochán Liath ☐

**(ii)** Tá Liam ina chónaí i nDoire ☐

**(iii)** Tá Liam ina chónaí sa Ghaeltacht ☐

[1]



www.StudentBounty.com

**(f)** Cuir líne faoi na **trí** abairt atá fíor.
Tá sampla déanta duit.

**Sampla:** <u>Bhí Nicola ag stopadh i dTeach Eoin Rua roimhe seo.</u>

**(i)** Níl an múinteoir suimiúil

**(ii)** Tá an múinteoir deas cairdiúil

**(iii)** Bhí sé ag cur fearthainne nuair a scríobh Nicola an cárta poist

**(iv)** Beidh ceol ann an oíche sin

**(v)** Bhí Nicola in Ard Mhacha ag siopadóireacht

**(vi)** Tá Nicola sa Spáinn ar a laethanta saoire

[3]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |



www.StudentBounty.com

**3** Cuireann dalta bunscoile síos ar a peata.
Léigh an cur síos agus freagair na ceisteanna.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Tá cat beag agam mar pheata. Jo an t-ainm atá uirthi. Tá dath dubh uirthi agus spota bán amháin faoina muineál. Fuair mé ó m'aintín í beagnach trí bliana ó shin nuair a bhí sí ina puisín beag. Bíonn sí ina codladh ag bun mo leapa san oíche. Tá sí iontach cairdiúil mar bíonn sí ina suí san fhuinneog ag fanacht liom gach lá i ndiaidh na scoile. Sílim go bhfuil sí greannmhar fosta mar tógann sí mo chuid stocaí agus ritheann sí thart faoin teach leo. Ní maith le m'athair í – is fearr leis madraí! Bhí madra againn roimhe seo ach fuair sé bás mar go raibh sé cúig bliana déag d'aois. Is grá liom mo pheata!

Caoimhe Ní Mhuirí

**(a)** Cuir líne faoi na **trí** abairt atá fíor.
Tá sampla déanta duit.

**Sampla:** Tá cat ag Caoimhe mar pheata.

**(i)** Tá an cat go hiomlán dubh

**(ii)** Fuair Caoimhe an cat óna seanmháthair

**(iii)** Bíonn Jo ina codladh i seomra leapa Chaoimhe

**(iv)** Tá an cat dubh agus bán

**(v)** Tá madra acu

**(vi)** Bhí Jo trí bliana d'aois nuair a fuair Caoimhe í

**(vii)** Tá Jo thart faoi trí bliana d'aois


[3]





www.StudentBounty.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(b)** Cá mbíonn Jo ag fanacht le Caoimhe i ndiaidh na scoile.
Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.


**(i)**  ☐

**(ii)**  ☐


**(iii)**  ☐


[1]

**(c)** Bíonn an cat ag súgradh le . . .

**(i)**  ☐

**(ii)**  ☐

**(iii)**  ☐

[1]

**(d)** Líon isteach na bearnaí ó na focail sa bhosca thíos.
Tá sampla déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| fuath | grá | aosta | ~~an-~~ |
| cara | óg | máthair | aintín |

**Sampla:** Síleann Caoimhe go bhfuil Jo <u>an-</u>chairdiúil.

**(i)** Is ______________ lena daidí cait. [1]

**(ii)** Bhí an madra ______________ nuair a fuair sé bás. [1]

**(iii)** Bhí Jo ______________ nuair a fuair Caoimhe í. [1]



www.StudentBounty.com

**4** Léigh an t-alt seo ó iris scoile agus freagair na ceisteanna a leanas **as Gaeilge**.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

A chairde,

Seo Mí an Mheithimh arís agus bhí bliain mhaith spóirt againn. Bhain buachaillí rang a trí áit amach sa chluiche leathcheannais sa pheil ach ar an drochuair buaileadh iad ar an lá fliuch sin i nDoire.

D'éirigh go maith leis na cailíní sa pheil fosta i mbliana. Bhain cailíní rang a cúig seacht gcluiche as a deich. Bhí foireann cispheile na gcailíní go hiontach chomh maith.

Ach ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar an chluiche nuair a rith madra amach ar an pháirc agus rang a haon ag imirt sacair. An t-imreoir is fearr atá againn dar liom!

**(a)** Cén séasúr den bhliain atá ann?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Cén áit a raibh cluiche peile na mbuachaillí ar siúl?

_______________________________________________ [1]

**(c)** Cén sórt bliana a bhí ag cailíní na scoile seo sa spórt?

_______________________________________________ [1]

**(d)** Líon isteach an tábla thíos. Cuir tic (✓) san áit cheart.

**? = níl an t-eolas ann**

| | **Fíor** | **Bréagach** | **?** |
|---|---|---|---|
| Ní imríonn na cailíní cispheil | | | |
| Bhain na cailíní gach cluiche peile a bhí acu | | | |
| Imríonn siad rugbaí ar an scoil seo | | | |
| Bhí drochaimsir ag an chluiche leathcheannais | | | |
| Chuir madraí isteach ar an chluiche cispheile | | | |

[5]



www.StudentBounty.com

**5** Read the letter below and answer the questions which follow **in English**.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

31 Páirc Naomh Bríd
Baile an Droma
14ú Bealtaine 2010

A Chiaráin, a chara

Cad é mar atá tú? Bhog muid amach as an seanteach faoin tuath coicís ó shin. Cheannaigh teaghlach óg é. Tá an teach seo ar imeall an bhaile mhóir. Mar sin tig liom siúl go dtí na siopaí anois agus tá seirbhís bus anseo, rud atá iontach maith ar fad!

Caithfidh mé a rá, áfach, go bhfuil sé callánach anseo leis an trácht agus ní maith liom na soilse sráide, cuireann siad isteach orm san oíche. Tá solas díreach taobh amuigh d'fhuinneog mo sheomra.

Tá bean aosta ina cónaí in aice linn. Thug sí isteach brioscaí agus milseáin do na páistí ar an chéad lá dúinn bheith anseo – is fial an duine í.

Beidh cóisir againn sa teach an deireadh seachtaine seo. Tig leat stopadh anseo más maith leat. Tá cúig sheomra leapa sa teach, mar sin de, tá go leor spáis ann. Ní shílim go mbeidh mé ábalta dul ar laethanta saoire i mbliana mar tá boscaí ina luí thart faoin teach agus tá obair mhór le déanamh sa ghairdín.

Feicfidh mé ansin thú.

Clár

**(a)** When did Clár move into her new house?

______________________________ [1]

**(b)** Where in the town is the house located?

______________________________ [1]

**(c)** Why is Clár happy that she has moved to the town? Make **one** point.

______________________________ [1]

**(d)** How does she feel about the lady who lives beside her?

______________________________ [1]



www.StudentBounty.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(e)** Why does Clár have difficulty sleeping in the house at first? Make **two** points.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(f)** Why does Clár tell Ciarán he can stay in the house?

______________________________________________________________ [1]

**(g)** Why does Clár think she won't be able to go on holidays this year? Make **one** point.

______________________________________________________________ [1]

## THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER



www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com